



AN COMHBHEARTAS IASCAIGH: BUNÚS AGUS FORBAIRT

Ceapadh Comhbheartas Iascaigh ar dtús i gConradh na Róimhe. Bhí an Comhbheartas Iascaigh nasctha leis an gComhbheartas Talmhaíochta i dtús báire, ach le himeacht ama tugadh níos mó neamhspleáchais dó. Is é príomhspríoc CBI, mar a athbhreithníodh é in 2002, iascach inbhuanaithe a áirithiú chomh maith le hioncam agus poist sheasmhacha a ráthú d'iascairí. Tugadh isteach roinnt mhaith athruithe ar an mbeartas iascaigh le Conradh Liospóin. In 2013, tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú maidir le CBI nua, le haghaidh inbhuanaitheacht fhadtéarmach chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta na ngníomhaíochtaí iascaireachta agus do bharshaothraithe.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 38-43 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Le CFAE, tugadh isteach roinnt nuálaíochtaí maidir le rannpháirtíocht na Parlaiminte i ndrúachtú na reachtaíochta a bhaineann le CBI. Is é an t-athrú is tábhachtaí ná go nglactar anois an reachtaíocht is gá chun cuspóirí CBI a shaothrú faoin ngnáthnós imeachta reachtach (ar a dtugtaí an nós imeachta comhchinnteoireachta roimhe seo), rud a dhéanann comhreachtóir de Pharlaimint na hEorpa. Ní féidir leis an gComhairle an reachtaíocht sin a ghlacadh ach amháin ar bhonn togra ón gCoimisiún.

Maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta iascaigh a dhaingniú, sonraítear le Conradh Liospóin go bhfuil siad le daingniú ag an gComhairle tar éis di toiliú a fháil ón bParlaimint.

CUSPÓIRÍ

Is maoin choiteann, nadúrtha, in-athnuaite agus inaistrithe í iascach, atá mar chuid dár n-oidhreacht choiteann. Rialaítear iascach le comhbheartas, le rialacha comhchoiteanna arna nglacadh ar leibhéal AE agus arna gcur chun feidhme sna Ballstáit go léir. B'iad cuspóirí bunaidh CBI stoic éisc a chaomhnú, an mhuirthimpeallacht a chosaint, inmharthanacht eacnamaíoch na gcabhlach Eorpach a áirithiú agus bia ar ardchaighdeán a chur ar fáil do thomhaltóirí. Leis an athchoiriú in 2002, cuireadh leis na cuspóirí sin úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní beo uisceacha, ar bhealach cothrom agus ó thaobh an chomhshaoil, na heacnamaíochta agus na sochaí de. Sonraíodh san athchoiriú freisin gur cheart don inbhuanaitheacht a bheith bunaithe ar chomhairle fhóna eolaíochta agus ar phrionsabal an réamhchúirim.



A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Cúlra

Bhí an Comhbheartas Iascaigh ina chuid den Chomhbheartas Talmhaíochta ar dtús, ach de réir a chéile bhain sé a chéannacht féin amach de réir mar a d'fhorbair an Comhphobal, ag tosú in 1970, nuair a ghlac na Ballstáit limistéir eacnamaíocha eisiacha (EEZanna) agus le haontachas Ballstát nua le cabhlaigh suntasacha iascaireachta. Mar gheall ar na forbairtí sin, bhí ar an gComhphobal dul i ngleic le fadhbanna sonracha iascaigh, amhail rochtain ar acmhainní comhchoitianta, caomhnú stoc agus bearta struchtúracha don chabhlaigh iascaigh agus caidreamh idirnáisiúnta san earnáil iascaigh.

1. Tús

Níor ghlac an Chomhairle reachtaíocht chun comheagrú an mhargaidh do tháirgí iascaigh a bhunú agus níor chuir sí beartas struchtúrach an chomhphobail i bhfeidhm le haghaidh iascaigh go dtí 1970.

2. Forbairt luath

Bhí ról suntasach ag iascach sna caibidlíochtaí a bhí ina gcúis leis an Ríocht Aontaithe, Éire agus an Danmhairg dul isteach in CEE in 1972. Mar thoradh air sin, bhí imeacht ón mbunphrionsabal maidir le saoirse rochtana. Leathnaíodh cearta náisiúnta maidir le hiascaireacht chósta eisiach in uiscí críche, a shainmhínítear mar uiscí atá laistigh de 12 mhuirmhíle ón gcósta, chun limistéir eacnamaíocha eisiacha atá 200 muirmhíle ón gcósta a chur san áireamh. Chomhaontaigh na Ballstáit bainistíocht a n-acmhainní iascaigh a thabhairt don Chomhphobal Eorpach.

3. Rialacháin agus athchóirithe CBI

a. Rialachán 1983

In 1983, tar éis roinnt blianta a chaitheamh i mbun caibidlíochta, ghlac an Chomhairle Rialachán (CEE) Uimh. 170/83, lena mbunaítear CBI nuaghlúine, inar cumhdaíodh tiomantas do EEZanna, lena leagtar amach coincheap na cobhsaíochta coibhneasta agus lena ndéantar foráil do bhearta coisctheacha bainistíochta bunaithe ar ghabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) agus ar chuótaí. Ó 1983 i leith, bhí ar CBI dul in oiriúint do tharraingt siar na Graonlainne ón gComhphobal in 1985, d'aontachas na Spáinne agus na Portaingéile in 1986 agus d'athaontú na Gearmáine in 1990. Bhí tionchar ag na trí ócáid sin ar mhéid agus struchtúr chabhlaigh an Chomhphobail agus ar a phoitéinseal gabhála.

b. Rialachán 1992

In 1992, le Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92, ina bhfuil na forálacha lena rialaíodh beartas iascaigh go dtí 2002, rinneadh iarracht an éagothroime thromchúiseach idir acmhainneacht cabhlaigh agus poitéinseal gabhála a réiteach. Ba é an réiteach a bhí molta sa Rialachán cabhlaigh an Chomhphobail a laghdú agus an tionchar sóisialta a mhaolú trí bhíthin bearta struchtúracha. Leis an rialachán, tugadh isteach an coincheap 'iarracht iascaireachta' d'fhonn cothromaíocht idir na hacmhainní atá ar fáil agus



gníomhaireachtaí iascaireachta a athbhunú agus a choinneáil. Foráladh sa Rialachán rochtain ar acmhainní trí chóras éifeachtach ceadúnúcháin.

c. Athchóiriú 2002

Ní raibh na bearta a tugadh isteach sa Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 éifeachtach go leor chun stop a chur leis an ró-iascaireacht, agus leanadh le hídiú roinnt mhaith stoc éisc ar ráta níos tapúla fós. Is de bharr na géarchéime sin go ndearnadh athchóiriú ina raibh trí rialachán a ghlac an Chomhairle i mí na Nollag 2002 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2003:

- Creat-Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 maidir le caomhnú agus le saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh (lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 agus Rialachán (CEE) Uimh. 101/76);
- Rialachán (CE) Uimh. 2369/2002 lena leagtar síos na rialacha mionsonraithe agus socruithe maidir le cúnamh struchtúrach an Chomhphobail in earnáil an iascaigh (lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2792/1999);
- Rialachán (CE) Uimh. 2370/2002 lena mbunaítear beart éigeandála an Chomhphobail chun báid iascaireachta a bhriseadh.

Ba é príomhchuspóir an athchóirithe in 2002 todhchaí inbhuanaithe a chinntiú d'earnáil an iascaigh trí ioncaim agus poist sheasmhacha a ráthú d'iascairí agus iasc a chur ar fáil do thomhaltóirí, agus ag an am céanna cothromaíocht leochaileach na n-éiceachóras muirí a chaomhnú. Leis an athchóiriú, tugadh isteach cur chuige fadtéarmach maidir le bainistiú iascaigh, lena n-áirítear bearta éigeandála a ullmhú, le pleananna téarnaimh ilbhliantúla do stoic lasmuigh de na teorainneacha bitheolaíocha atá sábháilte agus pleananna bainistíochta ilbhliantúla do stoic eile.

Chun faireachán níos éifeachtaí, níos trédhearcaí agus níos cothroime a áirithiú, cuireadh an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA) ar bun in Vigo (an Spáinn).

Leis an athchóiriú in 2002, tugadh ról níos mó d'iascairí i gcinntí a dhéanann difear dóibh trí Chomhairlí Comhairleacha Réigiúnacha (RACanna) a chruthú, comhdhéanta d'iascairí, saineolaithe eolaíocha, ionadaithe ó earnálacha eile a bhaineann le hiascach agus do bharshaothrú, údaráis réigiúnacha agus náisiúnta, grúpaí comhshaoil agus tomhaltóirí.

ATHCHÓIRIÚ CBI 2013

Ní raibh athchóiriú 2002 chomh maith lena rabhthas ag súil sa ghearrthéarma toisc gur lean meath roinnt stoc ag méadú. Ag an am céanna, leag sé béim ar roinnt fadhbanna nach raibh aon aird tugtha orthu go dtí sin, amhail ábhar muirí aiscurtha.

In 2009, sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí ar athchóiriú CBI agus é mar aidhm leis na prionsabail nua lena rialófaí iascach AE sa 21ú haois a chomhtháthú. Tar éis díospóireacht fhada sa Chomhairle agus – don chéad uair – sa Pharlaimint, thángthas ar chomhaontú an 1 Bealtaine 2013 maidir le réim nua iascaigh, bunaithe ar thrí phríomhcholún:

- CBI nua (Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013);



- Comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe (Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013);
- An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) nua (Rialachán (AE) Uimh. 508/2014).

Is é is aidhm do CBI nua a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí sna hearnálacha iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbainistítear iad ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí a bhaineann le tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach. Seo a leanas na pointí is tábhachtaí:

- Bainistíocht ilbhliantúil bunaithe ar éiceachóras chun an ról a bhí tugtha do phleananna ilbhliantúla san athchóiriú roimhe seo a atreisiú, ach ag an am céanna cur chuige bunaithe níos mó ar an éiceachóras a ghlacadh, le plananna ilspeiceas agus iascach, i gcreat réigiúnach na limistéar geografach Eorpach;
- Uastáirgeacht inbhuanaithe: agus gealltanais idirnáisiúnta á gcur san áireamh, amhail na gealltanais a tugadh i gCruinniú Mullaigh Johannesburg 2002 maidir le Forbairt Inbhuanaithe, le CBI nua, leagtar síos an uastáirgeacht inbhuanaithe mar an príomhspríoc do gach iascach. I gcás inar féidir faoi 2015, agus faoi 2020 ar a dhéanaí, socrófar an bhásmhaireacht ag táirgeacht inbhuanaithe na básmaireachta (leibhéal na ngabhálacha ó stoc áirithe a tháirgeann an uastáirgeacht inbhuanaithe);
- Cosc ar ábhar muirí aiscurtha: leis an athchóiriú nua, cuirfear deireadh le ceann de na cleachtais is do-ghlactha in iascach AE. Tá deireadh le cur le haiscur na speiceas rialaithe de réir a chéile agus, i gcomhcheangal leis sin, tá bearta tionlacain le tabhairt isteach chun an cosc sin a chur chun feidhme. Faoi 2019, beidh an beartas aiscur nua á chur chun feidhme ag iascach uile AE;
- Maidir le hacmhainneacht cabhlaigh, le CBI nua, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit a n-acmhainneacht iascaireachta a choigeartú trí phleananna náisiúnta ionas go mbeidh siad ag teacht i gcomhréir lena ndeiseanna iascaireachta. Tá ról speisialta le himirt ag mioniascairí in CBI nua. Tá síneadh ama go dtí 2022 le cur leis an limistéar eisiach de 12 mhuirmhíle le haghaidh cabhlaigh traidisiúnta;
- Tá na rialacha lena rialáítear gníomhaíochtaí chabhlaigh iascaireachta AE in uiscí tríú tíortha nó idirnáisiúnta le cinneadh i gcomhthéacs chaidreamh seachtrach AE, lena n-áirithítear go bhfuil siad i gcomhréir le prionsabail bheartas AE. Tá socruithe maidir le hiascaireacht in uiscí mar sin nasctha le Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPAnna) agus le rannpháirtíocht AE in eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh (RFMOanna);
- Dobharshaothrú inbhuanaithe, táirgeacht a mhéadú chun iad a sholáthar do mhargadh éisc AE agus borradh a chur faoin bhfás i gceantair thuaithe agus chósta, trí phleananna náisiúnta;
- Leis na hoibleagáidí nua, ceanglaítear ar na Ballstáit ról na heolaíochta a atreisiú trí dhlús a chur le bailiú na sonraí agus faisnéis maidir le stoic, cabhlaigh agus tionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta a roinnt;



- Rialachas dláráithe, tríd an nós imeachta cinnteoireachta a thabhairt níos gaire d'fhearainn iascaireachta: Leagann reachtóirí AE an creat ginearálta amach agus forbraíonn na Ballstáit na bearta cur chun feidhme agus comhoibríonn siad eatarthu féin ar an leibhéal réigiúnach;
- Is ionann an tacar reatha de bhearta teicniúla atá i Rialachán (CE) Uimh. 850/98 ón gComhairle agus córas forálacha atá casta agus ilghnéitheach, ar chóras é atá á athbhreithniú faoi láthair chun taca nua de bhearta teicniúla a sholáthar do CBI nua.

Tá comheagrú na margáí i dtáirgí iascaigh agus do bharshaothraithe mar chuid den phacáiste athchóirithe.

Beidh an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) mar uirlis airgeadais chun cuidiú le CBI agus le comheagrú na margáí i dtáirgí iascaigh agus do bharshaothraithe a chur chun feidhme.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

A. Inniúlacht

- Reachtaíocht iascaigh: le Conradh Liospóin, déantar foráil do chomhchinnteoireacht (an gnáthnós imeachta reachtach);
- Ballraíocht AE i gcoinbhinsiún idirnáisiúnta iascaigh agus tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe le tríú tíortha (comhchinnteoireacht leis an gComhairle).

B. An ról

Le Conradh Liospóin, tugadh níos mó cumhachta do Pharlaimint na hEorpa chun reachtaíocht a rith, rud a chuireann ar a cumas cabhrú an Comhbheartas Iascaigh a mhúnlú agus maoirseoireacht a dhéanamh ar na rialacha lena rialaítear gníomhaíochtaí na hearnálacha iascaigh agus do bharshaothraithe san Aontas.

Ghlac an Pharlaimint roinnt rún maidir leis an ngá atá le hathchóiriú a dhéanamh ar CBI, eadhon:

- Rún an 12 Aibreán 2016 maidir le nuálaíocht agus éagsúlú an iascaigh chósta ar mhionscála i réigiúin atá spleách ar iascaigh^[1]. Tugann sé comhairle don Choimisiún tús áite a thabhairt d'ábharthacht shocheacnamaíoch na hiascaireachta cósta ceardaí agus na hiascaireachta ar mhionscála laistigh de AE.
- Rún an 27 Aibreán 2017 maidir le bainistiú a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sna réigiúin is forimeallaí^[2]: tá forálacha sa téacs maidir le sainiúlachtaí agus coinníollacha geografacha na Réigiún is Forimeallaí agus maidir le húsáid níos fearr a bhaint as na féidearthachtaí dá bhforáiltear faoi Airteagal 349 den Chonradh agus de CBI maidir le rialacháin, cistí agus cláir, chun freagairt do na deacrachtaí sonracha a bhíonn ag na Réigiúin is Forimeallaí.

[1] IO C 58, 15.2.2018, lch. 82.

[2] IO C 298, 23.8.2018, lch. 92.



- Rún an 4 Iúil 2017 maidir leis an ról atá ag turasóireacht a bhaineann le hiascach in éagsúlú an iascaigh^[3]: léirítear sa téacs sprioc 4 de Straitéis Bhithéagsúlachta AE go dtí 2020, agus é mar aidhm leis an iascaireacht a dhéanamh níos inbhuanaithe agus na farraigí a dhéanamh níos sláintiúla agus rannpháirtíocht na hearnála i ngníomhachtaí malartacha a chur chun cinn, amhail an éiceathurasóireacht.
- Rún an 24 Deireadh Fómhair 2017 dar teideal ‘Comhbheartas Iascaigh: cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha’^[4]. Baineann an rún sin leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013: Iarann an Pharlaimint ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil.
- Rún an 12 Meitheamh 2018 maidir leis an staid mar atá i dtaca le hiascach áineasa san Aontas Eorpach^[5]: leis an téacs, cuirtear i bhfáth an gá atá lena áirithiú go mbailítear go rialta na sonraí riachtanacha maidir le hiascach áineasa agus cuirtear i bhfáth an ríthábhacht láidir a bhaineann leis na sonraí sin a roinnt.

Carmen-Paz Martí
05/2019

[3] IO C 334, 19.9.2018, lch. 20.

[4] IO C 346, 27.9.2018, lch. 363.

[5] Téacsanna arna nglacadh, [P8_TA\(2018\)0243](#).

